2026/570

12.3.2026

CINNEADH (AE) 2026/570 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Márta 2026

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Chomhaltaí na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa a bhaineann le haontachas Phoblacht Ioslamach na Pacastáine leis an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 ('an Comhaontú') thar ceann an Aontais i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle ([1]) an 18 Samhain 2016, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach an 1 Eanáir 2017 i gcomhréir le h Airteagal 31(2) de agus thug an tAontas i gcrích é trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle ([2]).

(2) De bhun Airteagal 29 den Chomhaontú, tá Comhairle Chomhaltaí na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa ('Comhairle na gComhaltaí') leis na coinníollacha maidir le haontachas Rialtais leis an gComhaontú a bhunú.

(3) Rinne Poblacht Ioslamach na Pacastáine iarratas foirmiúil ar aontú don Chomhaontú. Iarrfar ar Chomhairle na gComhaltaí, dá bhrí sin, le linn seisiún dá cuid amach anseo nó faoi chuimsiú nós imeachta um ghlacadh cinntí ag Comhairle na gComhaltaí trí bhíthin chomhfhreagras a mhalartú, na coinníollacha maidir le haontachas Phoblacht Ioslamach na Pacastáine leis an gComhaontú a bhunú i leith sciartha rannpháirtíochta sa Chomhairle Idirnáisiúnta um Ológa agus i leith na teorann ama chun an ionstraim a thaisceadh.

(4) Ós rud é go bhfuil an Phacastáin ag forbairt a hearnálacha olóige a mhéid a bhaineann le tomhaltas agus go bhfuil sé i gceist aici an táirgeacht a fhorbairt, d'fhéadfaí an Chomhairle Idirnáisiúnta um Ológa a threisiú lena haontachas faoi choinníollacha áirithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le haonfhoirmeacht a bhaint amach sa reachtaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le saintréithe táirgí olóige chun aon bhacainn ar thrádáil a sheachaint.

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle na gComhaltaí a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag na cinntí atá le glacadh chun na coinníollacha maidir le haontachas Phoblacht Ioslamach na Pacastáine leis an gComhaontú a bhunú ar an Aontas trí dhifear a dhéanamh don chothromaíocht cinnteoireachta laistigh de Chomhairle na gComhaltaí i gcás nach nglacfar cinntí de chomhthoil i gcomhréir le h Airteagal 10(4) den Chomhaontú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach san Iarscríbhinn an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhairle Chomhaltaí na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa le linn seisiún dá cuid amach anseo, nó faoi chuimsiú nós imeachta um ghlacadh cinntí ag Comhairle Chomhaltaí na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa trí bhíthin chomhfhreagras a mhalartú, a bhaineann leis na coinníollacha maidir le haontachas Rialtas Phoblacht Ioslamach na Pacastáine leis an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015.

([1]) Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 293, 28.10.2016, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/1892/oj).

([2]) Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 139, 27.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/848/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Márta 2026.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
N. IOANNIDES

IARSCRÍBHINN

Tacóidh an tAontas le haontachas Rialtas Phoblacht Ioslamach na Pacastáine leis an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015, ag seisiún de chuid Chomhairle na gComhaltaí amach anseo nó faoi chuimsiú nós imeachta um ghlacadh cinntí ag Comhairle na gComhaltaí trí bhíthin chomhfhreagras a mhalartú, ar choinníoll go ríomhfar sciartha rannpháirtíochta na Pacastáine de réir na foirmle a shonraítear in Airteagal 11 den Chomhaontú agus nach mbeidh an teorainn ama chun an ionstraim aontachais a thaisceadh ag an bPacastáin níos faide ná 18 mí ón gcinneadh maidir le haontachas ó Chomhairle Chomhaltaí na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa. I gcás ina gcuirtear moill ar thaisceadh na hionstraime aontachais, féadfaidh an tAontas, i gcinntí ina dhiaidh sin a bheidh le glacadh ag Comhairle na gComhaltaí, tacú le síneadh a chur leis an tréimhse chun an ionstraim sin a thaisceadh.